

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 41

An tÚdarás Póilíneachta

Réamhrá

Mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Póilíneachta, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais an Údaráis Póilíneachta agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €840,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015. An Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí atá san Údarás.

Is é príomhról an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána maidir lena fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chomhlíonadh.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as na nithe seo a leanas

- bheith i gceannas ar ghníomhaíochtaí an Údaráis agus iad a threorú
- comhlíonadh agus gach oibleagáid reachtúil is infheidhme
- an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an lucht ardbhainistíochta a choinneáil cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí
- nithe a bhaineann le hiniúcháireacht, rialachas agus bainistíocht riosca
- a chinntiú gurb ann do chórais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh agus go gcuirtear chun feidhme iad
- plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh, agus
- tuarascáil bhliantúil an Údaráis a ullmhú.

Tá an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* glactha ag an Údarás agus, de réir fhoráil 2.6 den chód, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2022. Cuirfear tuarascáil bhliantúil an Údaráis don bhliain 2021 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2022.

Nochtadh i gCuntas Leithreasa 2020 gurb amhlaidh, de bhun tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta, atá sé beartaithe comhlacht reachtúil nua a bhunú, áit a ndéanfar Cigireacht an Gharda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta a chumasc. Cé go ndearnadh dul chun cinn mór i dtaobh na reachtaíochta nua sa bhliain 2021, tá rith na reachtaíochta tríd an Oireachtas fós ar feitheamh agus, dá bhrí sin, tá feidhmeanna reachtúla reatha an Údaráis chomh maith lena ról formhaoirseachta fós i bhfeidhm.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, faoi mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gclárcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním mo fhreagracht as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'óibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach. Lena chois sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí go tráthúil iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an fheidhm Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais ar fáil don Údarás faoi Chomhaontú Seirbhíse. Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Údarás faoi mheabhrán tuisceana. Tá na freagrachtaí atá orm maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Tá na hOifigigh Chuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt agus san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as na córais rialaithe inmheánaigh a fheidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais agus seirbhísí párolla agus acmhainní daonna faoi seach. Bíom ag brath ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte araon á rá go bhfeidhmítear córais chuí i ndáil le rialachas agus rialú inmheánach maidir leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don Údarás.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht ag dul leo dá réir.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagrachtaí as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla i gcomhair teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a thabhairt dom agus mé i mbun mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.

- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann, lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta gach mí ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuairtha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm san Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Údarás ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agamsa. De bharr mhéid na gníomhaireachta, déantar an fheidhm seo a sheachfhoinsiú chuig gnólacht seirbhísí gairmiúil, a bhfuil a chuid seirbhísí faoi réir gnáth-atairisceana i gcomhréir le nósanna imeachta soláthair. Is í anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an tÚdarás neamhchosanta a chuireann bonn eolais faoina chuid oibre agus tá na pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, a fhaomhaimse, bunaithe ar an anailís seo. Is é aidhm na bpleananna seo na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis, athbhreithním an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an tÚdarás go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas maidir le soláthar, go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne soláthair iomchuí a chinntiú agus gur chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte sin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Údarás, rud ina sainaitnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun tabhairt faoi na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, a mhéid is féidir.

Is ann do chlár rioscaí ina sainaitnítear na príomhrioscaí atá roimh an Údarás, agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir tábhachta. Is doiciméad beo é an clár agus déanann an tÚdarás agus an Fhoireann Ardbhainistíochta é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbíonn rioscaí á mbainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a fheidhmiú atá sannta do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear próisis agus easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Ardbhainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhnímh gur sainaithníodh na príomhríoscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar obair an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2021 ar gá iad a nochtadh sa Chuntas Leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Le linn na bliana 2021, leanadh le hobair agus formhaoirseacht an Údaráis gan aon laghdú, agus rinneadh an chuid is mó den obair sin go cianda. Thionóil an tÚdarás 18 gcruinniú san iomlán sa bhliain 2021, agus iad go léir á dtionól ar líne. De réir oibleagáidí reachtúla an Údaráis, bhí teacht ag an bpobal ar chúig cinn de na cruinnithe sin. Thionóil fochoistí an Údaráis 20 cruinniú san iomlán sa bhliain 2021, agus iad go léir á dtionól ar líne.

Lean an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, iniúcháirí inmheánacha agus an tÚdarás d'aird ghéar a thabhairt ar thionchar Covid-19 ar oibríochtaí an Údaráis i gcoitinne agus ar an timpeallacht rialaithe ina bhfeidhmíonn an tÚdarás.

Amach sa bhliain 2021, thug iniúcháirí inmheánacha an Údaráis faoi athbhreithniú ar thionchar Covid-19 ar oibríochtaí gnó. Shocraigh na hiniúcháirí go bhféadfaí dearbhú suntasach a leagan ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe maolaithe agus na bainistíochta riosca maidir le tionchar Covid-19.

Leanadh d'aird ghéar a thabhairt ar shaincheisteanna rialaithe de réir mar a tháinig timpeallacht níos normalaithe in áit chéim éigeandála phaindéim Covid-19.

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta

An tÚdarás Póilíneachta

9 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le An tÚdarás Póilíneachta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta**Cuntas Leithreasa 2021**

		2021	2020
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A. Formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána	3,797	2,975	2,817
Ollchaiteachas	3,797	2,975	2,817
<i>Lúide</i>			
B. Leithreasaí-i-gcabhair	47	65	66
Glanchaiteachas	3,750	2,910	2,751

Farasbarr

Dlítear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státhchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	840,341	615,165

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

9 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

	2021	2020
€000	€000	€000
Riarachán - pá	2,236	2,087
Riarachán - neamhphá	739	730
Ollchaiteachas	2,975	2,817
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	65	66
Glanchaiteachas	2,910	2,751
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin airgid thirim	—	
Dímheas	10	(19)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(24)	
Laghdú ar stoc	4	
	(20)	(15)
Caiteachas díreach	2,900	2,717
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	332	315
Glanhostas an chláir	3,232	3,032

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara maidir le Vóta 41 comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas a tabhaíodh in áit eile.

	2021	2020
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	8	8
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	263	253
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	5	5
Vóta 24 Díl agus Ceart	56	49
	332	315

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021	2020
		€000	€000
Sócmhainní caipitil	2.1	25	35
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		69	130
Stoic	2.2	9	13
Réamhíocaíochtaí		22	14
Iarmhéideanna dochair eile		29	42
Iomlán na sócmhainní reatha		129	199
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		5	21
Iarmhéideanna sochair eile	2.3	98	129
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	—	43
Iomlán na ndlíteanas reatha		103	193
Glansócmhainní reatha		26	6
Sócmhainní reatha		51	41
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	51	41

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	47	36	83
Breiseanna	—	—	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	47	36	83
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	17	31	48
Dímheas don bhliain	9	1	10
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	26	32	58
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	21	4	25
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	30	5	35

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	7	11
Lónadóireacht	1	—
Glanadh	1	2
	9	13

2.3 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	50	63
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	25	24
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	10	19
Cáin bhreisluacha ar shonraisc eachtracha	8	6
	93	112
Míreanna sochair eile ar fionraí	5	17
	98	129

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr	840	615
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(840)	(572)
Glanmhaoiniú Státchiste	—	43

Arna léiriú ag:

Féichiúnaithe

Banc agus airgead tirim	69	130
Míreanna dochair: ar fionraí	29	42
	98	172

Creidiúnaithe

Dlíte don Stát	(93)	(112)
Míreanna sochair: ar fionraí	(5)	(17)
	(98)	(129)
	—	43

2.5 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2021	2020
		€000	€000
larmhéid ag an 1 Eanáir		41	7
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,750	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(840)	
Glanvóta		2,910	2,751
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	332	315
Glanchostas an chláir	1	(3,232)	(3,032)
larmhéid ag an 31 Nollaig		51	41

2.6 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Deontais	10	—
Soláthar earraí agus seirbhísí	109	37
	119	37

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riarachán

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta aicmithe mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i dtreo clár aonair: Formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,247	2,236	2,087
ii	Taisteal agus cothú	50	2	7
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,095	549	525
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	50	13	12
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	125	130	139
vi	Costais áitribh oifige	130	44	45
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	100	1	2
		3,797	2,975	2,817

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/-25% agus €100,000).

iii. Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.095 milliún; toradh €549,000

Tháinig méadú €350,000 ar an soláthar meastacháin don bhliain 2021 chun obair bhreise a dhéanamh ar phróisis earcaíochta na nGardaí a uasdátú. Ba mar thoradh ar mhoilleanna soláthair nach rabhthas ag súil leo a bhí toradh €44,000 i gceist i leith na hoibre sin in 2021. Is de bharr na toisce sin, mar aon le cur isteach leanúnach atá á dhéanamh i réimsí oibre de bharr éigeandáil Covid-19 a bhí gannchaitheamh €546,000 i gceist (2020: €220,000).

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021	2020
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	47	63	57
2 Ilghnéitheach	—	2	9
Iomlán	47	65	66

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon ball foirne ag deireadh na bliana	<u>38</u>	<u>36</u>

5.2 Pá

	2021	2020
	€000	€000
Pá	2,029	1,903
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	—
ÁSPC an fhostóra	<u>207</u>	<u>184</u>
Pá iomlán	<u>2,236</u>	<u>2,087</u>

5.3 Táillí agus speansais chomhaltaí an Údaráis

Naonúr comhaltaí den Údarás, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhí ann sa bhliain 2021 (2020: ochtar). Tháinig an tÚdarás le chéile i gcruinniú iomlánach 18 n-uaire san iomlán (cúig huaire go poiblí) (2020: 21 (cúig huaire go poiblí)) agus tionóladh 20 cruinniú fochoiste san iomlán (2020: 27).

Íocadh táillí arbh ionann iad agus €140,799 san iomlán le comhaltaí den Údarás le linn na bliana 2021 (2020: €150,907). B'ionann agus €247 na speansais a íocadh le comhaltaí sa bhliain 2021 (2020: €3,269).

Rinneadh na táillí agus na speansais a mhuirearú ar fho-mhírcheann A (iii) Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha.

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh naonúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse a athfhostú le dul i mbun dualgais éagsúla in 2021 (2020: cúigear) ar chostas iomlán €45,472 (2020: €27,903). Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun íocaíochtaí a dhéanamh le pearsanra atá ar scor i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, ba ag scála an Rúnaí Chúnta (PPC) a bhí tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta, i.e. olltuarastal bliantúil iomlán €164,549 (€162,920 ag an 31 Nollaig 2020).